

Bealach níos fearr agus níos cothroime

Soláthar do Dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu

Treoir do thuismitheoirí/chaomhnóirí
agus do dhaltaí

Tuarascáil Ghrúpa Oibre an NCSE



Bealach níos fearr agus níos cothroime

Soláthar do Dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu

Treoir do thuismitheoirí/chaomhnóirí
agus do dhaltaí

Tuarascáil Ghrúpa Oibre an NCSE

© NCSE 2014

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

1–2 Sráid an Mhuilinn

Baile Átha Troim

Co. na Mí

National Council for Special Education

1–2 Mill Street

Trim

Co. Meath

T: 046 948 6400

F: 046 948 6404

www.ncse.ie

Clár

Bealach níos fearr agus níos cothroime	5
Réamhrá	7
Creidtear i ngrúpa oibre an NCSE go mbeidh buntáistí ag na daltaí ón múnla	8
Creidtear i ngrúpa oibre an NCSE go bhfuil cúiseanna maithe ann an córas reatha a athrú	9
Creidtear i ngrúpa oibre an NCSE go bhfuil bealach níos fearr agus níos cothroime ann chun múinteoirí a leithroinnt	11
Roinnt Ceisteanna agus Freagraí	13

Bealach níos fearr agus níos cothroime



Réamhrá

Tá bealach nua agus níos fearr molta ag grúpa oibre ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta maidir le conas múinteoirí oideachais speisialta a leithroinnt ar scoileanna príomhshrutha. Tugadh ar aird leis an moladh don mhúnla nua taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta agus leanadh próiseas leathan comhairliúcháin leis na geallsealbhóirí oideachais tábhachtacha – tuismitheoirí, múinteoirí, daltaí, comhlachtaí bainistithe scoileanna agus mar sin de. Moltar leis an múnla nua atá beartaithe nach ndéanfaí idirdhealú idir múinteoirí tacaíochta foghlama agus múinteoirí acmhainní agus mar sin gur múinteoirí tacaíochta a bheadh orthu feasta. Faoin múnla nua atá beartaithe, leithroinnfear gach múinteoir tacaíochta oideachais speisialta ar scoileanna ag teacht leis an ngá atá ag na scoileanna aonair sin le tacaíocht oideachais den sórt sin.

Tháinig an gá a bhí le córas leithroinnte níos fearr chun cinn mar go bhfuair an NCSE amach go bhfuil an bealach reatha ina leithroinntear teagasc breise ar dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu éagórach. D’admhaigh an tAire Oideachais agus Scileanna, Ruairí Quinn T.D. go bhféadfaí an córas a fheabhsú agus d’iarr sé ar an NCSE grúpa oibre a chur ar bun chun moladh a fhorbairt do mhúnla nua.

Tá an leabhrán seo curtha le chéile chun cuidiú le tuismitheoirí agus le caomhnóirí tuisicint a fháil ar mar a d’oibreodh an múnla nua atá beartaithe i scoileanna. Tá an tuarascáil iomlán ar an múnla nua atá beartaithe ar fáil ar láithreán gréasáin an NCSE ag: www.ncse.ie/policy_advice/policy.asp.

Creidtear i ngrúpa oibre an NCSE go mbeidh buntáistí ag na daltaí ón múnla nua

- Leithroinnfí os cionn 10,000 múinteoir speisialta oideachais ar scoileanna ag teacht lena leibhéal riachtanais ar thacaíocht bhreise.¹
- Ní bheadh ar dhaltaí fanacht feasta le diagnóisiú gairmiúil míchumais sula dtabharfaí tacaíocht bhreise teagaisc dóibh i scoileanna.
- Ní bheadh ar dhaltaí lipéad a bheith orthu go bhfuil diagnóisiú míchumais acu sula dtabharfaí tacaíocht bhreise teagaisc dóibh.
- Ní bheadh ar thuismitheoirí íoc feasta as comhairliúcháin phríobháideacha chun diagnóisiú a fháil dá gcuid leanaí díreach ar mhaithe le teacht a bheith acu ar thacaíocht bhreise foghlama.
- Bheadh níos mó cinnteachta ag scoileanna maidir lena leibhéal foirne teagaisc agus bheadh ar a gcumas pleanáil d'oiliúint bhreise chuí nuair is gá.

1 Tíocfaidh ardú go os cionn 11,000 ar líon na bpost múinteora acmhainne agus tacaíochta foghlama do scoilbhliain 2014/2015.

Creidtear i ngrúpa oibre an NCSE go bhfuil cúiseanna maithe ann an córas reatha a athrú

An Córas Reatha	Níl sé seo cothrom ar na cúiseanna seo:
<p>Faigheann gach bunscoil agus iarbhunscoil Múinteoirí Tacaíochta foghlama breise, chun cuidiú le daltaí a mbíonn deacrachtaí foghlama acu, bunaithe ar líon na múinteoirí ranga nó ar líon na ndaltaí i ngach scoil.</p>	<p>Bíonn éagsúlachtaí idir an gá a bhíonn ag scoileanna thar a chéile le tacaíocht foghlama. Mar shampla, d'fhéadfadh sé go mbeadh an líon céanna daltaí in dhá iarbhunscoil ach go bhféadfadh gach dalta ó cheann amháin leanúint ar aghaidh go dtí an tríú leibhéal agus nach rachadh ach roinnt daltaí ón iarbhunscoil eile ann – mar sin féin faigheann an dá scoil sin an leibhéal céanna tacaíochta foghlama breise. D'fhéadfadh an líon céanna múinteoirí ranga a bheith ag dhá bhunscoil ach go mbeadh i bhfad níos mó daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i gceann amháin agus gur líon an-bheag a bheadh sa cheann eile. Leis an gcóras reatha áfach, soláthraítear an leibhéal céanna tacaíochta don dá scoil sin. Ní bealach maith ná cothrom é seo chun tacaíocht bhreise teagaisc a leithroinnt.</p>
<p>Leis an gcóras reatha caithfear diagnóis fhoirmiúil mhíchumais a dhéanamh sular féidir tacaíocht teagaisc acmhainne a chur ar fáil.</p>	<p>Tá go leor daltaí ar liostaí feithimh fhada faoi láthair chun diagnóis fhoirmiúil mhíchumais a fháil. Agus iad ar an liosta feithimh sin, ní féidir tacaíocht teagaisc acmhainne a chur ar fáil dá scoil thar a gceann – fiú nuair is léir go bhfuil gá le tacaíocht mar sin. Níor chóir go mbeadh rochtain ar thacaíocht teagaisc oideachais speisialta breise curtha siar mar gheall ar mhoill ar rochtain ar sheirbhísí diagnóisice.</p>

An Córas Reatha	Níl sé seo cothrom ar na cúiseanna seo:
<p>Íocann roinnt tuismitheoirí go leor leor airgid ar chomhairliúcháin phríobháideacha chun diagnóisiú a dhéanamh ar a leanaí.</p>	<p>Ba chóir go mbeadh teacht ar thacaíocht teagaisc oideachais speisialta breise cothrom agus nach mbeadh sé sin ag brath ar chumas an teaghlaigh íoc as seirbhísí diagnóisice – go deimhin ní bhíonn roinnt tuismitheoirí in acmhainn íoc as na measúnaithe sin. Atreisiónn an córas reatha míbhuntáiste mar go mbíonn ar leanaí ó theaghlaigh níos boichte fanacht níos faide ar sheirbhísí diagnóisice poiblí agus tacaíochtaí i scoileanna.</p>
<p>Faigheann gach dalta a bhíonn sa chatagóir céanna míchumais an leibhéal céanna de thacaíocht teagaisc acmhainne, beag beann ar aois ná ar chumas.</p>	<p>Cé go mb'fhéidir go mbreathnaíonn sé cothrom ar an gcéad léamh, go bhfaigheann scoileanna an líon céanna tacaíochta teagaisc do gach dalta a bhíonn diagnóis faighte acu le catagóir áirithe míchumais, ní hamhlaidh an cás. Bíonn riachtanais éagsúla tacaíochta ag daltaí a bhíonn laistigh den chatagóir céanna míchumais. Mar shampla, d'fhéadfadh sé go mbeadh deacrachtaí soghluaisteachta an-suntasacha agus deacrachtaí eile ag dalta amháin a mbeadh míchumas fisiciúil aige/aici agus go mbeadh gá le go leor cúnaimh don scoil agus go mbeadh dalta eile a bheadh i gcathaoir rotha ach thairis sin gur beag gá a bheadh acu le tacaíocht teagaisc acmhainne. Ach faoin múnla reatha, leithroinntear an líon céanna acmhainní teagaisc ar a scoil fiú mura mbeadh gá ag an dalta leis an leibhéal tacaíochta.</p>
<p>Glacann sé go leor ama ar dhaoine gairmiúla sláinte agus oideachais diagnóisíú a dhéanamh maidir le míchumas leanbh.</p>	<p>Tógann sé am míchumas leanbh a dhiagnóisiú go cruinn ach tá sé ráite ag go leor daoine gairmiúla linn go mothaíonn siad faoi dhualgas lipéad míchumais a chur ar leanaí faoin gcóras reatha díreach ar mhaithe lena chinntiú go bhfaigheann an scoil uaire teagaisc acmhainne breise. D'fhéadfaí an t-am a chaitear ag déanamh diagnóisíú ar mhíchumas a úsáid níos fearr chun an chóireáil ghairmiúil, idirghabháil agus tacaíocht theiripeach riachtanach a thabhairt don leanbh.</p>

Creidtear i ngrúpa oibre an NCSE go bhfuil bealach níos fearr agus níos cothroime ann chun múinteoirí a leithroinnt

Tá os cionn 5,000 múinteoir tacaíochta foghlama agus os cionn 5,000 múinteoir acmhainní inár scoileanna faoi láthair.² Leis an múnla nua atá beartaithe leithroinntí a bhformhór mór de na múinteoirí sin ar scoileanna bunaithe ar phróifíl oideachais gach aon scoile. Leithroinntí thart ar 1,500 de na múinteoirí sin chuig scoileanna lena chinntiú go mbeadh acmhainní láithreach ag gach scoil chun a chur ar a gcumas a bheith ina scoil uilechuimsitheach agus chun cláir luath-idirghabhála agus coisc a chur in áit do na daltaí sin a bhfuil a leithéid de dhíth orthu.

Leithroinfear na múinteoirí eile atá fágtha – an móramh – de réir próifíl oideachais gach scoile. Bhainfí leas as eolas iomchuí chun próifíl oideachais gach scoile a ríomh. Thiofadh an t-eolas sin ó thrí réimse leathana:

- an líon daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais an-chasta acu;³
- torthaí tástálacha caighdeánaithe;
- comhthéacs sóisialta gach scoile.

Tá roinnt den eolas sin ar fáil agus tógfaidh sé roinnt ama an t-eolas eile a bhailiú. Mar shampla, tá go leor eolais ag an NCSE maidir le líon na ndaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais an-chasta acu i scoileanna. D'fhéadfadh SENOnna eolas ar leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais chasta acu agus a bheadh ag rollú i ranganna na naíonán i mbunscoileanna a bhailiú ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE).

2 Tiofadh ardú go os caionn 6,000 ar líon na bpost múinteora acmhainne do scoilbhliain 2014/2015.

3 Sa chomhthéacs seo tagraíonn an téarma 'daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais an-chasta acu' do líon beag daltaí a bhfuil bail sheasmhach ag dul dóibh a mbíonn tionchar suntasach aige sin ar a gcumas foghlama. Bíonn tacaíocht bhreise múinteoireachta de dhíth óna daltaí seo mar go mbíonn cláir foghlama éagsúla agus aonair de dhíth orthu a bhíonn difriúil go leor de na cinn a bhíonn ag a gcomhaoiseanna.

Glacann gach dalta bunscoile sa dara rang, sa ceathrú rang agus sa séú rang tástálacha caighdeánaithe sa léitheoireacht agus sa mhatamaitic. Baintear leas as tástálacha caighdeánaithe go hidirnáisiúnta mar bhun chun acmhainní a leithroinnt mar léirítear leo difríochtaí idir leibhéal gnóthachtála oideachais scoile amháin agus scoil eile. Faoi láthair, seoltar torthaí na dtástálacha sin chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna. Tugtar torthaí na dtástálacha caighdeánaithe d'iarbhunscoileanna maidir le gach dalta céadbliana a bhíonn ag teacht isteach iontu. Mar sin, tá fáil gan stró ar eolas maidir le tástálacha caighdeánaithe.

Chaithfí eolas eile a thiomsú. De réir taighde is léir go mbíonn riachtanais speisialta oideachais áirithe níos forleithne i gceantair ina mbíonn míbhuntáiste sóisialta nó oideachais. Bailíodh an t-eolas iomchuí sa réimse sin in 2005 agus chaithfí eolas cothrom le dáta a bhailiú ó scoileanna.

Thabharfadh an t-eolas sin go léir le chéile léargas níos soiléire maidir leis an ngá atá le tacaíocht bhreise teagaisc i ngach scoil.

Ní bheadh aon tionchar ag an múnla nua atá beartaithe ar an ngá atá le diagnóisíú míchumais do scéimeanna eile de chuid na Roinne mar an scéim Cúnamh Riachtanais Speisialta nó Cóiríocht Réasúnach do Scrúduithe an Teastais Shóisearaí agus na hArdteistiméireachta (RACE).

Tá an grúpa oibre ar an eolas gur féidir le haon mholadh nua maidir le hathrú sa réimse seo a bheith ina údar imní do thuismitheoirí agus do mhúinteoirí. Mar sin, sula ndéanfar aon chinneadh an córas acmhainnithe reatha a athrú, ba mhaith leis an Roinn Oideachais agus Scileanna dul i gcomhairle tuilleadh le thuismitheoirí, le múinteoirí, le comhlachtaí bainistithe scoileanna agus le comhpháirtithe oideachais eile chun a chinntiú go dtabharfar aird ar a gcuid tuairimí freisin. Tá an grúpa oibre an-mhuiníneach gur bealach níos fearr agus níos cothroime é an múnla nua atá beartaithe chun na hacmhainní teagaisc atá ar fáil a leithroinnt ar dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Roinnt Ceisteanna agus Freagraí



1. Conas a bheadh a fhios agam an mbeadh mo leanbh i dteideal tacaíocht bhreise teagaisc agus é/í ar scoil agus cé mhéid tacaíochta a bheadh ar fáil dó/dí?

Ghlacfaí na cinntí maidir leis an tslí a bhaintear leas as múinteoirí tacaíochta breise ag leibhéal na scoile. Trí ghnáthobair ranga, obair bhaile agus idirghabháil ghinearálta sa seomra ranga, bíonn múinteoirí ábalta na daltaí sin a mbíonn tacaíocht bhreise de dhíth orthu a aithint. Ní hionann an méid tacaíochta breise a chuirfí ar fáil do gach aon dalta.

Baineann scoileanna leas as a gcuid acmhainní ar bhealaí éagsúla chun an méid tacaíochta agus is féidir a thabhairt do dhaltaí. Is féidir tacaíocht bhreise teagaisc a sholáthar i ngnáth-

sheomra ranga ó mhúinteoir ranga nó trí theagasc foirne le múinteoir tacaíochta. Is féidir é a chur ar fáil freisin trí theagasc do ghrúpaí beaga istigh sa seomra ranga agus lasmuigh den seomra ranga nó teagasc duine le duine. Is éard atá i gceist leis go gcuirfí an leibhéal is mó tacaíochta ar fáil do na daltaí sin a bhfuil na riachtanais is mó acu agus go dtugann an tacaíocht sin aird ar na riachtanais fhoghlama aitheanta atá ag an dalta.

D'fhorbair an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) córas chun cuidiú le gach scoil na leanaí sin a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a aithint agus tacú leo. Tugtar Contanam Tacaíochta NEPS ar an gcóras seo agus oibríonn sé ag trí leibhéal éagsúla:

- **leibhéal an tseomra ranga** (tacaíocht do na daltaí ar fad) arb é/í an múinteoir ranga/ábhair an príomhdhuine a bhíonn rannpháirteach sa rang,
- **leibhéal tacaíochta scoile** (tacaíocht do roinnt daltaí) nuair a bhíonn múinteoirí tacaíochta breise rannpháirteach, agus

- **leibhéal tacaíochta scoile sa bhreis** (tacaíocht do líon beag daltaí) nuair a bheadh leanaí a mbíonn riachtanais fhoghlama níos casta acu ag freastal ar shíceolaí NEPS agus clár aonair leagtha síos dóibh.

Is féidir le tuismitheoirí tuilleadh eolais a fháil ar an gcóras seo ar láithreán gréasáin NEPS ag: <http://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services/Educational-Psychologist-NEPS-/NEPS-Model-of-Service.html>.

2. An bhfuil dóthain taithí/saineolais ag príomhoidí agus ag múinteoirí scoile chun cinntí a dhéanamh faoi oideachas mo leanbh tráth a raibh gá le tuarascáil ó shíceolaí nó ó dhuine gairmiúil eile roimhe seo?

Tá measúnú mar chuid lárnach den teagasc maith agus baineann formhór na múinteoirí leas as measúnaithe scoilbhunaithe chun riachtanais foghlama a gcuid daltaí a aithint. Baineann scoileanna agus múinteoirí leas cheana féin as a dtuairim gairmiúil féin chun cinntí a dhéanamh maidir le foghlaim na ndaltaí agus mar is fearr leas a bhaint as acmhainní teagaisc chun tacú leis an bhfoghlaim sin - trí thacaíocht sa rang, tacaíocht do ghrúpa nó tacaíocht duine ar dhuine. Leanfadh siad ar aghaidh á dhéanamh sin faoin múnla nua atá beartaithe.

Gheobhadh scoileanna tuilleadh treorach freisin ón Roinn Oideachais agus Scileanna agus bheadh sin bunaithe ar Chontanam Tacaíochta

NEPS agus gheobhadh scoileanna cúnaimh chun an úsáid is éifeachtaí a bhaint as a gcuid acmhainní breise teagaisc ar shlí atá cothrom do na daltaí agus a chinnteodh go mbeidh toradh maith ann dóibh.

Is éard atá i gceist leis an múnla nua seo atá beartaithe a chinntiú gur féidir acmhainní a thabhairt do scoileanna chun tacaíocht a thabhairt do gach dalta a

mbíonn cúnamh breise uathu cibé má bhíonn measúnú gairmiúil faighte ag an dalta nó má táthar ar liosta feithimh do mheasúnú gairmiúil. Ní tharlódh sé gurb iad na daltaí sin, a mbeadh a dtuismitheoirí in ann an cás is fearr a dhéanamh dóibh nó a mbeadh a dtuismitheoirí in acmhainn íoc as measúnaithe príobháideacha, a gheobhadh an tacaíocht is mó.

Leanfadh tuarascálacha síceolaithe agus lucht gairmiúla eile a bheith ar fáil do dhaltaí nuair is léir go mbeadh gá le tuarascálacha mar sin ar mhaithe le cúiseanna sláinte agus sóisialta. Ba chóir do thuismitheoirí a mbeadh aon imní orthu maidir le leibhéal forbartha a leanbh leanúint ar aghaidh ag cinntiú go gcuirfear ar aghaidh é/í ag an speisialtóir cuí de chuid an HSE nó NEPS chun measúnú a fháil. Mar sin féin, ceann de na deacrachtaí a bhíonn leis an gcóras reatha go mbíonn moill an-fhada ar an teacht a bhíonn ar thuarascálacha den sórt sin.

3. Tá diagnóisiú míchumais ag mo mhac cheana féin – an bhfaighidh sé tacaíocht bhreise go huathoibríoch nó an gcoinneoidh sé an tacaíocht atá á fháil aige cheana féin?

Gheobhadh do mhac tacaíocht bhreise teagaisc faoin múnla nua atá beartaithe sa chás go n-aithneodh do scoil, agus iad ag baint leasa as measúnú scoilbhunaithe agus Contanam Tacaíochta NEPS, go bhfuil riachtanais fhoghlama ag do mhac a bhaineann leis an diagnóisiú atá faighte aige. D'fhéadfadh beirt leanaí a bhfuil an diagnóisiú céanna faighte acu riachtanais tacaíochta éagsúla a bheith acu agus iad ar scoil. Faoin múnla nua atá beartaithe, gheobhadh do mhac tacaíocht teagaisc bunaithe ar a riachtanais fhoghlama seachas ar a dhiagnóisiú míchumais – d'fhéadfadh go mbeidh sé ag fáil an leibhéal

tacaíochta céanna, go bhfaighidh sé níos mó tacaíochta nó go bhfaighidh sé níos lú tacaíochta. De réir an taighde atá déanta againn, is bealach níos fearr é seo chun tacaíocht a leithroinnt mar gur beag a insíonn catagóir míchumais ann féin dúinn faoin leibhéal nó an cineál tacaíochta a bhíonn de dhíth ó leanbh ar scoil.

4. Creidim gur scóráil m'íníon níos ísle ná an meán sna tástálacha caighdeánaithe; an bhfaigheadh sí tacaíocht faoin múnla nua atá beartaithe

Tá go leor cúiseanna ann a bhféadfadh d'íníon meánscór nó scór níos ísle ná sin a bhaint amach ar thástáil chaighdeánaithe. Mar shampla, d'fhéadfadh sé go raibh 'droch' lá ag d'íníon agus í ag tabhairt faoin tástáil léitheoireachta nó matamaitice nó b'fhéidir nár thuig sí treoracha na tástála. Más amhlaidh an cás, ní thugann toradh na tástála pictiúr ceart ar a cumas. Ar an lámh eile, d'fhéadfadh sé go bhfuil deacracht i ndáiríre ag d'íníon leis an léitheoireacht nó leis an mhatamaitic agus gur tugadh é sin faoi deara leis an tástáil chaighdeánaithe.

D'athródh an múnla nua atá beartaithe an bunús ina ndéantar múinteoirí speisialta oideachais breise a leithroinnt ar scoileanna. Don chéad uair, bheadh gach dalta a fhagheann scór níos ísle ná an meán (scór Sten 3 nó níos lú) ar thástáil chaighdeánaithe léitheoireachta nó matamaitice san áireamh agus próifíl oideachais foriomlán na scoile á chur le chéile agus an gá a bheadh acu le tacaíocht bhreise teagaisc. (Féadfaidh tú tuilleadh eolais a fháil faoin scór Sten agus a bhfuil i gceist leis ag: http://www.ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Parents/Primary/).

Is é an chéad tasc atá ag an scoil mar sin an chúis atá leis an scór íseal a bhain d'íníon amach sa tástáil chaighdeánaithe a aithint. Déanfar é sin trí athbhreithniú a dhéanamh ar a cuid oibre agus ar an idirghabháil a dhéanann sí sa seomra ranga, labhairt leis na múinteoirí a bhí aici roimhe seo agus lena tuismitheoirí agus a scór reatha a chur i gcomparáid le scóir roimhe seo agus le torthaí tástála-cha eile. D'fhéadfadh sé go gcaithfí tástáil diagnóisice eile a riaradh freisin, chun a fháil amach an bhfuil deacracht foghlama ar leith ag d'íníon.

Nuair a bheidh na himscrúduithe comhlíonta, agus go gcinneann an scoil go bhfuair d'íníon scór íseal mar thoradh ar riachtanais nó deacracht fhoghlama ar leith, ansin rachaidh an scoil i dteagmháil leatsa maidir leis an tslí is fearr chun tacú le foghlaim d'íníne.

Cuidíonn torthaí na dtástálacha caighdeánaithe le do scoil riachtanais fhoghlama d'íníne a aithint agus chun an tacaíocht chuí a sholáthar di.

5. Conas a bheadh fáil ag mo leanbh a théann ar scoil ar mheasúnú gairmiúil sa chás go mbeadh gá lena leithéid?

Moltar leis an múnla nua atá beartaithe bealach éagsúil chun múinteoirí breise a leithroinnt ar scoileanna. Ní athraítear mar a fhaigheann leanaí measúnú gairmiúil nuair a bhíonn gá lena leithéid.

Sa chás go raibh do leanbh ag fáil tacaíochta ag céim tacaíochta na scoile agus go bhfuil inní leanúnach ar na múinteoirí maidir leis an dul chun cinn atá á dhéanamh aige/aici, féad-

faidh siad cead a lorg uaitse chun dul i gcomhairle leis an síceolaí NEPS maidir le clár foghlama do do leanbh. Ar an tslí chéanna, má cheapann tusa go dteastódh ó do leanbh dul chuig síceolaí NEPS lena measúnú, ba chóir duit é sin a phlé le múinteoir do linbh, leis an múinteoir tacaíochta foghlama agus/nó le príomhoide na scoile. Ní bhíonn ar gach leanbh bualadh leis an síceolaí é/í féin ach féadfaidh gach scoil leanbh a chur ar aghaidh chuig síceolaí NEPS.

Leanfaí ar aghaidh mar a dhéantar iad a mheas faoi láthair trí na seirbhísí HSE iomchuí leis na measúnaithe eile, mar urlabhra agus teanga, teiripe saothair, síceolaíocht chliniciúil.

6. D'fhágadh an múnla nua atá beartaithe go bhféadfadh gach scoil a chinneadh dóibh féin an méid tacaíochta a fhaigheann mo leanbh. Cad a tharlódh, sa chás, nach n-aontódh mise, mar thuismitheoir, leis an leibhéal tacaíochta atá á fháil ag mo leanbh?

Tá sé molta ag an ngrúpa oibre go gcuirfeadh an Roinn Oideachais agus Scileanna próiseas achomharc seachtrach ar bun trína bhféadfadh tuismitheoirí achomharc a dhéanamh in aghaidh chinneadh na scoile.

Faoi láthair, cinneann gach scoil an leibhéal tacaíochta a sholáthraítear do leanaí a mbíonn deacrachtaí foghlama acu agus riachtanais speisialta oideachais áirithe acu e.g. disléicse. Tuigtear dúinn go n-éiríonn go maith leis na scoileanna leis seo. Tá sé molta go síneofaí é sin chun gach riachtanas speisialta oideachais a chlúdach. Is beag eolais a thugann catagóir míchumais, ann féin, faoin méid

tacaíochta ba chóir do leanbh a fháil – d’fhéadfadh sé go mbeadh leibhéal iomlán éagsúil tacaíochta de dhíth ó bheirt dhaltaí, a mbíonn an míchumas céanna ag dul dóibh.

Baineann scoileanna leas as an eolas a bhíonn acu féin ar na daltaí chun tacaíochtaí teagaisc a leithroinnt agus bíonn ar a gcumas leas a bhaint as líon mór seirbhísí tacaíochta chun cuidiú leo. Áirítear orthu an tSeirbhís Múinteora ar Cuairt, NEPS, Eagraithe Riachtanais Speisialta Oideachais (SENOnna) agus seirbhísí tacaíochta eile. Faoin múnla nua atá beartaithe, leanfaidh scoileanna ag fáil treorach agus iad ag déanamh cinntí faoi thacaíocht a thabhairt do riachtanais fhoghlama na ndaltaí.

Faoin múnla nua atá beartaithe, bheadh ar scoileanna próiseas a bheith in áit acu chun athbhreithniú a dhéanamh ar an eolas a d’úsáid siad lena chinntiú go mbeadh an leibhéal cuí tacaíochta á thabhairt don leanbh. Ba chóir don scoil tuismitheoirí a chur ar an eolas faoin bpróiseas seo agus mar is féidir iarratas a dhéanamh ar thacaíocht bhreise teagaisc dá leanbh sa chás go mbeadh gá lena leithéid.

Mar sin féin, cé go bhfuil na bearta sin ann, d’fhéadfadh sé tarlú nach n-aontódh tusa, mar thuismitheoir, leis an leibhéal tacaíochta atá á thabhairt do do leanbh. Sa chás sin, ba chóir duit é sin a phlé ar dtús le múinteoir ranga/ábhair do leanbh nó a mhúinteoir/múinteoir tacaíochta. D’fhéadfadh tú na saincheisteanna seo a phlé le príomhoide na scoile freisin agus más gá, ag tráth níos déanaí le Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta.

7. An mbeadh ar mhúinteoirí pleananna foghlama a fhorbairt agus an mbeadh tuismitheoirí rannpháirteach?

Bheadh, tá sé molta ag an ngrúpa oibre go mbeadh ar scoileanna pleananna foghlama a fhorbairt do dhaltaí a fhaigheann tacaíocht bhreise agus go mbeadh tuismitheoirí rannpháirteach maidir le forbairt agus athbhreithniú na bpleananna sin, mar is cuí, agus leanúint go mionsonrach leis an bplean. Faoi láthair, cuireann go leor múinteoirí daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu pleananna foghlama aonair le chéile dá ndaltaí agus in go leor cásanna bíonn tuismitheoirí rannpháirteach agus spriocanna foghlama agus bealaí ina bhféadfaidh siad tacú lena leanbh i mbun foghlama á gcomhaontú. Bíonn eolas sna pleananna foghlama do dhaltaí maidir le spriocanna a leagan síos, an dul chun cinn go dtí seo agus torthaí foghlama. In go leor cásanna freisin, baineann múinteoirí leas as Contanam Tacaíochta NEPS chun an measúnú, an phleanáil, an teagasc agus an t-athbhreithniú sin a threorú. Bheadh ar scoileanna leanúint ar aghaidh leis an gcleachtas sin faoin múnla nua.

Ba chóir go mbeadh an leibhéal eolais mhionsonraithe a bhíonn i bplean foghlama an dalta ag teacht le riachtanas foghlama an dalta agus an méid tacaíochta atá de dhíth ón dalta. Mar shampla, bheifí ag súil go mbeadh na pleananna foghlama níos mionsonraithe do dhalta a fhaigheann tacaíocht i ngrúpa beag nó tacaíocht phearsanta uathu agus nach mbeadh sé chomh sonrach maidir le dalta a fhaigheann tacaíocht sa rang agus sin amháin. Ba chóir go mbeadh an méid a bhíonn tuismitheoirí agus daltaí rannpháirteach i bhforbairt an phlean i gcomhréir leis an leibhéal eolais mhionsonraithe a bhíonn de dhíth sa phlean.

Bheadh ar scoileanna tuarascálacha bliantúla a sholáthar don NCSE maidir le mar a úsáidtear acmhainní breise teagaisc do dhaltaí a bhfuil riachtanais spei-

sialta oideachais acu. Bheadh eolas sna tuarascálacha sin ar dhul chun cinn an dalta agus na torthaí atá bainte amach ag an dalta tríd an bpróiseas pleanála foghlama.

8. An bhféadfadh tuismitheoirí an leibhéal tacaíochta breise teagaisc a leithroinntear ar scoil a fháil amach agus iad ag déanamh cinneadh maidir leis an scoil a roghnóidh siad dá leanbh?

Bheadh tuismitheoirí ábalta an leibhéal tacaíochta breise teagaisc a leithroinntear ar gach scoil a fháil amach. Déantar an t-eolas sin a fhoilsiú faoi láthair ar láithreán gréasáin an NCSE maidir le gach bunscoil agus iarbhunscoil sa tír agus leanfadh sin ar aghaidh a bheith ar fáil faoin múnla nua atá beartaithe.

Mar sin féin, cinntear próifíl oideachais gach scoile bunaithe ar go leor eolais éagsúil a bhíonn íogaireach ar uairibh. Ní dhéanfaí ach leithroinnt teagaisc na scoile a fhoilsiú.

9. An gearradh atá anseo i ndáiríre?

Is éard atá i gceist leis an múnla nua atá beartaithe bealach níos fearr agus níos cothroime a sholáthar chun 10,000 post teagaisc oideachais speisialta a dháileadh ar scoileanna.⁴ Níl aon tionchar ar aon

slí ag an múnla nua i dtaobh chinneadh a dhéanamh ar líon na bpost teagaisc a bhíonn ar fáil don oideachas speisialta.

Is é/í an tAire a bhreithníonn an líon post teagaisc a leithroinntear ar oideachas speisialta gach bliain mar chuid de phróiseas buiséid. Níl aon tionchar ag an múnla nua atá beartaithe ar an bpróiseas seo.

4 Tíocfaidh ardú go os cionn 11,000 ar líon na bpost múinteora acmhainne agus tacaíochta foghlama do scoilbhliain 2014/2015.

10. Cad a tharlóidh má thagann níos mó daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais chasta acu chuig scoil mo linbh i ndiaidh do na poist teagaisc go léir a bheith leithroinnte?

Bheadh an leibhéal céanna acmhainní breise teagaisc in áit i do scoil ar feadh dhá bhliain. Tá sé curtha in iúl ag scoileanna dúinn gur beag athrú tríd is tríd a thagann ar a bpróifíl thar an tréimhse ama sin agus go bhfáilteodh said roimh an diongbháilteacht a thabharfadh leithroinnt seasta dhá bhliain dá scoil ó thaobh a gcuid foirne.

Tá próiseas in áit ag an Roinn Oideachais agus Scileanna cheana féin chun breithniú a dhéanamh ar riachtanais scoileanna a mbíonn fás bliantúil suntasach iontu nó a dtagann laghdú ar líon na ndaltaí iontu.

Mar sin féin, cheadódh an múnla nua atá beartaithe an tacaíocht a bheith curtha ar fáil do scoileanna a dtagann imthosca neamhbheartaithe agus eisceachtúla chun cinn, nach bhféadfaí a bheith ag súil leo i bpróifíl oideachais na scoile. Sampla de sin is ea líon daltaí a mbeadh riachtanais an-chasta acu ag dul isteach i scoil an-bheag ag pointe éigin i rith na bliana. Chuirfí saoráid ar fáil do scoileanna iarratas a dhéanamh ar thacaíocht bhreise chun déileáil le cásanna eisceachtúla.